Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2017
(OR. en)

13555/17

Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0190 (COD)

CODEC 1648
PECHE 397

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh<br>- Toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, 23 go 26 Deireadh Fómhair 2017) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Alain CADEC (EPP, FR), tuarascáil thar ceann an Choiste um Iascach, a raibh sé mar aidhm léi ceannas a ghlacadh ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh.

## II. VÓTÁIL

Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh ar an 24 Deireadh Fómhair 2017 trí cheannas a ghlacadh ar an togra ón gCoimisiún. Tá an seasamh seo le feiceáil sa rún reachtach uaithi mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

An 22 Meán Fómhair 2017, d'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe an togra ón gCoimisiún gan aon leasú a dhéanamh air. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann seasamh na Parlaiminte a fhormheas. Ansin, ghlacfaí an gníomh reachtach san fhoclaíocht a chomhfhreagraíonn do sheasamh na Parlaiminte.

## P8_TA-PROV(2017)0394

## An Comhbheartas Iascaigh: cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Deireadh Fómhair 2017 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (COM(2017)0424 – C8-0239/2017 – 2017/0190(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2017)0424),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0239/2017),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Deireadh Fómhair 2017,

– ag féachaint don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 20 Meán Fómhair 2017 chun seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A8-0285/2017),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig an bParlaimint arís má chuireann sé téacs eile in ionad a thogra, má leasaíonn sé go suntasach é nó má tá sé ar intinn aige é a leasú go suntasach;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P8_TC1-COD(2017)0190**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 24 Deireadh Fómhair 2017 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2017/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

1 Tuairim an 18 Deireadh Fómhair 2017 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Deireadh Fómhair 2017.

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Bunaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] an oibleagáid gach gabháil de speicis atá faoi réir teorainneacha gabhála a thabhairt i dtír agus, sa Mheánmhuir, gabhálacha de speicis atá faoi réir íosmhéideanna ("an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír") chomh maith.

(2) Is leis na pleananna ilbhliantúla dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus na pleananna bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006[4] ón gComhairle atáthar le forálacha mionsonraithe a leagan síos atá beartaithe chun cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír ("pleananna maidir le hábhar muirí aischurtha") a éascú.

(3) Foráiltear le hAirteagal 15(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 go bhféadfaidh an Coimisiún, murab ann do phleananna ilbhliantúla nó do phleananna bainistíochta, pleananna maidir le hábhar muirí aischurtha a ghlacadh ar bhonn sealadach agus ar feadh tréimhse nach faide ná trí bliana.

(4) Is léir ón taithí a fuarthas go dtógann sé níos mó ama pleananna ilbhliantúla agus pleananna bainistíochta ina bhfuil pleananna maidir le hábhar muirí aischurtha a ullmhú agus a ghlacadh ná mar a beartaíodh tráth glactha Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

---

3 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

4 Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistíochta i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 (IO L 409, 30.12.2006, lch. 11).

(5) Is iomchuí dá bharr sin an tréimhse a leagan síos ar laistigh di a fhéadfaidh an Coimisiún pleananna maidir le hábhar muirí aischurtha a ghlacadh murab ann do phleananna ilbhliantúla nó do phleananna bainistíochta.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 6:

"6. I gcás nach nglactar aon phlean ilbhliantúil, ná aon phlean bainistíochta i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006, don iascach atá i dtrácht, tabharfar de chumhacht don Choimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 18 den Rialachán seo, gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 46 den Rialachán seo, a ghlacadh lena leagtar síos, ar bhonn sealadach, pleananna sonracha maidir le hábhar muirí aischurtha ina bhfuil na sonraíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (e) de mhír 5 den Airteagal seo ar feadh tréimhse tosaigh nach faide ná trí bliana a fhéadfar a fhadú go ceann tréimhse trí bliana breise ina hiomláine. Féadfaidh na Ballstáit dul i mbun comhair lena chéile, i gcomhréir le hAirteagal 18 den Rialachán seo, agus plean den sórt sin á tharraingt suas chun go nglacfaidh an Coimisiún gníomhartha den sórt sin nó chun go ndéanfaidh sé togra a thíolacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* *An tUachtarán*